

Ráiteas um Chosaint Leanaí – Cumann na bhFiann

1. Ainm na seirbhíse atá á soláthar

Cumann na bhFiann

2. Nádúr na seirbhíse agus na prionsabail chun leanaí a chosaint ó dhroch dhíobháil

Soláthraíonn Cumann na bhFiann gréasán d'Óg Clubanna agus imeachtaí thar oíche do dhaoine óga ar bhonn náisiúnta ag tabhairt deis dóibh a chuid Gaeilge labhartha a úsáid agus a fhorbairt i suíomh nádúrtha.

Creidimid go bhfuil leas agus cosaint ó dhroch dhíobháil do dhaoine óga ar thús cadhnaíochta ar an obair go léir a dhéanaimid. Glacann foireann Chumann na bhFiann cúram réasúnta lena chinntiú go gcosnófar gach duine óg atá ag gabháil dár seirbhísí ó dhroch dhíobháil agus mí-úsáid de chineál ar bith.

3. Measúnú riosca

Tá measúnú déanta ag Cumann na bhFiann ar aon fhéidearthacht díobhála do dhaoine óga agus iad ag baint leasa as ár gcuid seirbhísí agus coinnítear clár riosca maidir leis seo. Aithníonn an clár seo gach riosca díobhála agus liostaítear na nósanna imeachta, na beartais, na cláir agus na cleachtais a chabhraíonn leis na rioscaí seo a laghdú nó a dhíchur.

4. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí de réir na gceanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta, agus Cosaint Leanaí Tusla: Treoir do Bheartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár n-intinn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

- Nós imeachta maidir le líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair i gcoinne oibríthe/oibríthe deonacha atá ag obair le páistí atá ag baint úsáide as ár seirbhís
- Nós imeachta le haghaidh earcaíochta agus roghnú sábháilte oibríthe agus oibríthe deonacha chun obair le leanaí
- Nós imeachta maidir le soláthar agus rochtain ar oiliúint agus ar fhaisnéis chosanta leanaí, lena n-áirítear an dochar a tharla
- Nós imeachta maidir le hábhair imní maidir le cosaint leanaí nó leasa le Tusla a thuairisciú
- Nós imeachta chun liosta de na daoine (más ann) a choinneáil sa tseirbhís ábhartha atá sainordaithe
- Nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh mar DCA

Tá na nósanna imeachta go léir atá liostaithe ar fáil arna iarraidh sin.

5. Cur i bhFeidhm

Aithníonn Cumann na bhFiann gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme. Tá ár seirbhís tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár n-intinn daoine óga a choinneáil sábháilte ó dhochar agus iad ag baint leasa as ár seirbhís.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí gach dhá bhliain nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith déanta ar aon ní lena mbaineann an ráiteas.

Sínithe: Barra Mac Thiaráin

DCA	Barra Mac Thiaráin	Bainisteoir Forbartha	barra@cnb.ie	+3531 8259342
Leas DCA	Niall Ó Braonáin	Bainisteoir Cumann na bhFiann	traic@cnb.ie	+3531 8259342

Ionad Óige na hÉireann, Droim Rí, Co na Mí A85 K221
Fón: +3531-825 9342 R-phost: eolas@cnb.ie
www.cnb.ie

Stiúrthóirí: Diarmaid Ua Bruadair (Cathaoirleach), Áilís Ní Áinle, Áine Ní Chaisil agus Pilib Mac Uilleic. Michelle Ní Ghialláin (Rúnaí)

Uimhir an chomhluchta: 563158